Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2023
(OR. en)

15139/23

LIMITE

CORLX 1012
CFSP/PESC 1495
COAFR 396
CONUN 278
COARM 289
FIN 1131

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2023) 259.

---

Faoi iamh: HR(2023) 259

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 17/11/2023**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

**HR(2023) 259**
*Limited*

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2023]**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES
a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (DRC).

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231[2] mar fhreagairt ar an mbac ar an bpróiseas toghcháin agus ar na sáruithe gaolmhara ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES.

(3) (3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar na bearta sriantacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES, agus mar gheall ar na tosca ábhartha agus i bhfianaise thromchúis na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 12 Nollaig 2024.

(4) Ba cheart na ráitis ar chúiseanna a bhaineann le daoine áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú freisin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

[2] IO L 336I, 12.12.2016, lch. 7.

'2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) go dtí an 12 Nollaig 2024. Déanfar iad a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a gcuspóirí.";

(2) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**'IARSCRÍBHINN II**

**LIOSTA NA nDAOINE AGUS NA nEINTITEAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(2)**

**A. Daoine**

| | **Ainm** | **Faisnéis aitheantais** | **Cúiseanna** | **Dáta an liostaithe** |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Ilunga KAMPETE | Ar a dtugtar freisin Gaston Hughes Ilunga Kampete; Hugues Raston Ilunga Kampete<br><br>Dáta Breithe: 24.11.1964<br><br>Áit bhreithe: Lubumbashi, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Uimhir aitheantais mhíleata: 1-64-86-22311-29<br><br>Seoladh: 69, avenue Nyangwile, Kinsuka Mimosas, Kinshasa/Ngaliema, DRC<br><br>Inscne: Fireann | Agus é ina Cheannasaí ar an nGarda Poblachtánach (GR) go dtí mí Aibreáin 2020, bhí Ilunga Kampete freagrach as aonaid GR a imscaradh ar an talamh agus bhí baint aige le forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa.<br><br>Bhí sé freagrach freisin as cearta an duine a chur faoi chois agus as sárú ar chearta an duine a rinne gníomhairí GR, mar shampla slógadh den fhreasúra in Lubumbashi a chur faoi chois go foréigneach i mí na Nollag 2018.<br><br>Ó mhí Iúil 2020, tá sé ina shaighdiúir ard chéimneach, mar Leifteanant Ginearálta i bhFórsaí Armtha an Chongó (FARDC) agus Ceannasaí bhunáit mhíleata Kitona i gCúige Chongó Láir. De bhua a fheidhmeanna, is air féin atá an fhreagracht as na sáruithe a rinne FARDC le déanaí ar chearta an duine.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag Ilunga Kampete le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC. | 12.12.2016 |
| 2. | Gabriel Amisi KUMBA | Ar a dtugtar freisin Gabriel Amisi Nkumba; 'Tango Fort'; 'Tango Four' | Iar-Cheannasaí ar chéad chrios cosanta Fórsaí Armtha an Chongó (FARDC), a bhí páirteach i bhforneart agus cur faoi chois foréigneach díréireach | 12.12.2016 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Dáta Breithe: 28.5.1964<br><br>Áit bhreithe: Malela, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Uimhir aitheantais mhíleata: 1-64-87-77512-30<br><br>Seoladh: 22, avenue Mbenseke, Ma Campagne, Kinshasa/Ngaliema, DRC<br><br>Inscne: Fireann | i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa.<br><br>Bhí Gabriel Amisi Kumba ina Leas-Cheann Foirne ar Fórsaí Armtha an Chongó agus bhí sé i gceannas ar na hoibríochtaí agus ar an bhfaisnéis ó mhí Iúil 2018 go dtí mí Iúil 2020.<br><br>Ó shin i leith, tá feidhmeanna Ardchigire FARDC aige. Agus na hardfheidhmeanna sin a bheith aige, tá freagracht air as sáruithe a rinne FARDC le déanaí ar chearta an duine.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag Gabriel Amisi Kumba le gníomhartha arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh. | |
| 3. | Célestin KANYAMA | Ar a dtugtar freisin Kanyama Tshisiku Celestin; Kanyama Celestin Cishiku Antoine; Kanyama Cishiku Bilolo Célestin; 'Esprit de mort'<br><br>Dáta Breithe: 4.10.1960<br><br>Áit bhreithe: Kananga, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Uimhir phas DRC: OB0637580 (bailí ó 20.5.2014 go 19.5.2019)<br><br>Víosa Schengen uimh. 011518403, a eisíodh an 2.7.2016<br><br>Seoladh: 56, avenue Usika, Kinshasa/Gombe, DRC | Agus é ina Choimisinéir ar Phóilíní Náisiúnta an Chongó (PNC), bhí Célestin Kanyama freagrach as forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa.<br><br>Bhí Célestin Kanyama ina Ard-Stiúrthóir ar scoileanna oiliúna PNC ó mhí Iúil 2017 go dtí mí Aibreáin 2023.<br><br>I mí Dheireadh Fómhair 2018 d'fhorchuir oifigigh phóilíneachta imeaglú agus easpa saoirse ar iriseoirí tar éis foilsiú sraith alt maidir le míleithreasú chiondálacha na ndaltaí póilíneachta agus an ról a bhí ag Célestin Kanyama sna himeachtaí sin.<br><br>Tá Célestin Kanyama fós ina ardoifigeach póilíneachta agus tá sé fós ar dualgas gníomhach. Agus an ról sin mar oifigeach sinsearach in PNC a bheith aige, tá freagracht air as na sáruithe a rinne PNC le déanaí ar chearta an duine.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag Célestin Kanyama le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach | 12.12.2016 |

PUBLIC

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Inscne: Fireann | ar chearta an duine in DRC. | |
| 4. | John NUMBI | Ar a dtugtar freisin John Numbi Banza Tambo; John Numbi Banza Ntambo; Tambo Numbi<br><br>Dáta Breithe: 16.8.1962<br><br>Áit bhreithe: Jadotville-Likasi-Kolwezi, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Seoladh: 5, avenue Oranger, Kinshasa/Gombe, DRC<br><br>Inscne: Fireann | Bhí John Numbi ina Ard-Chigire ar Fhórsaí Armtha an Chongó (FARDC) ó mhí Iúil 2018 go dtí mí Iúil 2020. Agus an ról sin a bheith aige, tá freagracht air as na sáruithe a rinne FARDC ar chearta an duine idir mí Iúil 2018 agus mí Iúil 2020, mar shampla an foréigean díréireach a d'úsáid FARDC faoina údarás díreach i gcoinne mianadóirí neamhdhleathacha ó mhí an Mheithimh go dtí mí Iúil 2019.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag John Numbi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC.<br><br>Go dtí tús na bliana 2021, bhí seasamh ag John Numbi ina raibh tionchar aige in FARDC, go háirithe in Katanga, áit ar tuairiscíodh go ndearna FARDC sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>Bhí baint ag John Numbi le gníomhaíochtaí díchobhsúcháin a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, darb aidhm go háirithe go ndéanfaí cúige Katanga a scaradh.<br><br>Dá bhrí sin, is bagairt fós é John Numbi ar staid chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as an éagobhsaíocht sa tír a chothú, go háirithe in Katanga. | 12.12.2016 |
| 5. | Evariste BOSHAB | Ar a dtugtar freisin Evariste Boshab Mabub Ma Bileng<br><br>Dáta Breithe: 12.1.1956<br><br>Áit bhreithe: Tete Kalamba, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC | Ina cháil mar Leas-Phríomh-Aire agus ina Aire Gnóthaí Baile agus Slándála ó mhí na Nollag 2014 go dtí mí na Nollag 2016, bhí Evariste Boshab freagrach go hoifigiúil as na seirbhísí póilíneachta agus slándála agus as comhordú a dhéanamh ar obair gobharnóirí cúigeacha. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as gníomhaithe agus comhaltaí den fhreasúra a ghabháil, | 29.5.2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimhir an phas taidhleoireachta: DP0000003 (bailí ó 21.12.2015 go dtí 20.12.2020)<br><br>Víosa Schengen in éag an 5.1.2017<br><br>Seoladh: 3, avenue du Rail, Kinshasa/Gombe, DRC<br><br>Inscne: Fireann | chomh maith le leas díréireach a bhaint as forneart, lena n-áirítear idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2016 mar fhreagairt ar léirsithe in Kinshasa, agus an toradh air gur mharaigh nó gur ghortaigh seirbhísí slándála líon mór sibhialtach.<br><br>Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Evariste Boshab le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC.<br><br>Bhí baint ag Evariste Boshab freisin leis an ngéarchéim i réigiún Kasai a dhúshaothrú agus le cur léi, réigiún ina bhfuil seasamh aige ina bhfuil tionchar aige i gcónaí, go háirithe ó ceapadh ina Sheanadóir ar Kasai é i mí Mhárta 2019. | |
| 6. | Alex Kande MUPOMPA | Ar a dtugtar freisin Alexandre Kande Mupomba; Kande Mupompa<br><br>Dáta Breithe: 23.9.1950<br><br>Áit bhreithe: Kananga, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC agus an Bheilg<br><br>Uimhir phas DRC: OP0024910 (bailí ó 21.3.2016 go 20.3.2021)<br><br>Seoltaí: Messidorlaan 217/25, 1180 Uccle, Belgium<br><br>1, avenue Bumba, Kinshasa/Ngaliema, DRC<br><br>Inscne: Fireann | Agus é ina Ghobharnóir ar Kasai Láir go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017, bhí Alex Kande Mupompa freagrach as an úsáid dhíréireach a bhain fórsaí slándála agus Póilíní Náisiúnta an Chongó (PNC) as forneart, cur faoi chois foréigneach agus maruithe seachbhreithiúnacha in Kasai Láir ó mhí Lúnasa 2016, lena n-áirítear maruithe ar chríoch Dibaya i mí Feabhra 2017.<br><br>Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Alex Kande Mupompa le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC.<br><br>Bhí baint ag Alex Kande Mupompa freisin leis an ngéarchéim i réigiún Kasai a dhúshaothrú agus le cur léi, áit a raibh sé ina ionadaí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ina bhfuil seasamh aige ina bhfuil tionchar aige i gcónaí tríd an Congrès des alliés pour l’action au Congo (CAAC), atá ina chuid de rialtas cúigeach Kasai. | 29.5.2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Éric RUHORIMBERE | Ar a dtugtar freisin Eric Ruhorimbere Ruhanga; 'Tango Two'; 'Tango Deux'<br><br>Dáta Breithe: 16.7.1969<br><br>Áit bhreithe: Minembwe, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Uimhir aitheantais mhíleata: 1-69-09-51400-64<br><br>Uimhir phas DRC: OB0814241<br><br>Seoladh: Mbujimayi, Kasai Province, DRC<br><br>Inscne: Fireann | Agus é ina Leas-Cheannasaí ar an 21ú réigiún míleata ó mhí Mheán Fómhair 2014 go dtí mí Iúil 2018, bhí Éric Ruhorimbere freagrach as úsáid dhíréireach fornirt agus as maruithe seachbhreithiúnacha a rinne Fórsaí Armtha an Chongó (FARDC), go háirithe i gcoinne mhílíste Nsapu agus i gcoinne ban agus leanaí.<br><br>Bhí Éric Ruhorimbere ina Cheannasaí ar earnáil oibríochtúil an Nord Equateur ó mhí Iúil 2018 go mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá sé faoi réir ag Foireann Ghinearálta FARDC agus tá sé fós ar dualgas gníomhach. Agus an ról sin a bheith aige in FARDC, tá freagracht air as sáruithe chearta an duine a rinne FARDC le déanaí.<br><br>Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Éric Ruhorimbere le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine in DRC. | 29.5.2017 |
| 10. | Ruvugayimikore PROTOGÈNE | ar a dtugtar freisin Ruhinda; Gaby Ruhinda; Zorro Midende<br><br>Dáta Breithe: 1968 nó 1969<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Ceannaire ar na Fórsaí Daonlathacha ar son Shaoirse Ruanda - Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA); Ceannaire ar an ngrúpa Maccabé (ar a dtugtaí Commando de recherche et d'action en profondeur (CRAP)) den FDLR- | Tá Ruvugayimikore Protogène ina cheannaire ar na Fórsaí Daonlathacha ar son Shaoirse Ruanda - Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé i gceannas, go sonrach, ar an ngrúpa Maccabé (ar a dtugtaí an Commando de recherche et d'action en profondeur (CRAP)) den FDLR-FOCA.<br><br>Cuireann FDLR-FOCA, lena n-áirítear an grúpa Maccabé, leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe, foréigean in | 8.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | FOCA | aghaidh leanaí, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in FDLR-FOCA, tá baint ag Ruvugayimikore Protogène, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 11. | Meddie NKALUBO | ar a dtugtar freisin Mohammed Ali Nkalubo; Abul Jihad; Punny Boy<br><br>Dáta Breithe: 1987, 1991, 1992 nó 1993<br><br>Náisiúntacht: Uganda<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Ceannaire Sinsearach i bhFórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe (ADF) | Is ceannaire sinsearach ar Fhórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe (ADF) é Meddie Nkalbuno, arb é atá ann grúpa armtha neamhrialtasach a bhíonn ag oibriú in Uganda, i Ruanda agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Aithníodh go bhfuil freagrachtaí éagsúla air in ADF, lena n-áirítear cumarsáid agus bolscaireacht, earcaíocht, monarú arm, agus teagmháil le ISIL (Da'esh). Aithníodh Meddie Nkalubo freisin mar an bpríomhphearsa i gceannas ar oibríochtaí seachtracha ADF, agus é de chúram air an maoiniú seachtrach a eagrú agus maoirseacht a dhéanamh air agus sreabhadh chistí ISIL (Da'esh) i dtreo ADF a chomhordú.<br><br>Cuireann ADF leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (go háirithe sna cúigí Ituri agus Kivu Thuaidh), go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe agus fuadach.<br><br>Mar gheall ar a ról sinsearach ceannasach in ADF, tá baint ag Meddie Nkalubo, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar | 8.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 12. | Justin BITAKWIRA | ar a dtugtar freisin Bihona-Hayi<br><br>Dáta Breithe: 5.12.1960<br><br>Áit bhreithe: Lemera, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Polaiteoir, iar-Aire Náisiúnta agus Uachtarán na Comhghuaillíochta don Phoblacht agus don Chomhfhios Náisiúnta | Is polaiteoir Congólach, iar-Aire Rialtais agus comhalta den pháirtí polaitiúil 'Union for the Congolese Nation' é Justin Bitakwira.<br><br>Ina óráidí poiblí, spreag sé foréigean agus chothaigh sé idirdhealú agus naimhdeas arís agus arís eile i leith phobal Banyamulenge, pobal ar ar díríodh agus ar a ndearna grúpaí armtha ionsaí.<br><br>Cuireann na hóráidí agus na scéalta gríosaitheacha sin leis an gcoinbhleacht agus leis an bhforéigean i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe sa réigiún Hauts-Plateaux, ceantar dar dual coinbhleachtaí idirphobail.<br><br>Ina theannta sin, tá Justin Bitakwira freagrach as an gcoinbhleacht armtha, as an éagobhsaíocht agus as an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 8.12.2022 |
| 13. | Joseph Nganzo Olikwa TIPI | ar a dtugtar freisin Tipi Coirnéil Ziro Ziro, Joseph Ngadjole, Joseph Nganzole Olikwa<br><br>Dáta Breithe: 10.11.1977<br><br>Áit bhreithe: Bunia Fataki, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Grád: Coirnéal in FARDC | Ba é Joseph Nganzo Olikwa Tipi ceannasaí ar an 312ú cathlán den Príomh-Bhriogáid Chosanta de chuid Fhórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (FARDC) go dtí mí Eanáir 2022.<br><br>Rinne fórsaí an 312ú cathlán, agus é faoina cheannas agus faoina fhreagracht, ionsaithe ar shibhialtaigh agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe éigniú ban idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021.<br><br>Tá Joseph Nganzo Olikwa Tipi fós ina oifigeach ardchéime in FARDC, is é an Coirnéal agus an Leas-Cheannasaí ar an 12ú Briogáid Mhearfhreagartha in | 8.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Post: Leas-Cheannasaí ar an 12ú Briogáid Mhearfhreagartha in Minembwe, iarcheannasaí an 312ú cathlán de 31ú Príomh-Bhriogáid Chosanta<br><br>Uimhir aitheantais mhíleata: 1-77-96-32692-76 | Minembwe (Kivu Theas).<br><br>Agus na hardfheidhmeanna sin a bheith aige, tá freagracht air as sáruithe ar chearta an duine a rinne FARDC le déanaí.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint ag Joseph Nganzo Olikwa Tipi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 14. | Désiré LONDROMA NDJUKPA | ar a dtugtar freisin Désiré Lokana Lokanza<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Oifigeach Cosanta in CODECO /URDPC (‘chargé de défense’) | Is ceannaire é Désiré Londroma Ndjukpa ar ‘Chomharchumann Forbartha an Chongó/Aontas na Réabhlóidithe um Chosaint Phobal an Chongó’ (CODECO URDPC), agus duine a aithnítear mar oifigeach cosanta (‘charge of defence’), mar urlabhraí agus mar dhuine atá freagrach as an eite pholaitiúil.<br><br>Is grúpa armtha neamhrialtasach é CODECO URDPC a oibríonn in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshlándáil i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe, foréigean gnéasach agus ionsaithe ar shibhialtaigh mar shampla ionsaithe ar champaí daoine easáitithe ina dtír féin idir lár mhí na Samhna 2021 agus mí Feabhra 2022, lena ndírítear go háirithe ar phobal Hema.<br><br>Agus ról ceannasach in CODECO URDPC aige, tá baint ag Londroma Ndjukpa, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht | 8.12.2022 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 15. | Willy NGOMA | ar a dtugtar freisin Major Willy Ngoma<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Urlabhraí Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC) | Tá ról ceannasach mar urlabhraí ag Willy Ngoma i nGluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag oibriú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.<br><br>Cuireann M23/ARC leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean agus trí mhí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe, ionsaithe agus foréigean gnéasach i gcoinne sibhialtach.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, tá baint ag Willy Ngoma, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 8.12.2022 |
| 16. | William YAKUTUMBA | Dáta Breithe: 1970<br><br>Áit bhreithe: Lunbondia, Kivu Theas, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann<br><br>Feidhm nó gairm: Ceannaire ar Coalition Nationale du Peuple pour la Souverainité du Congo (CNPSC); bunaitheoir agus | Is é William Yakutumba Ard-Rúnaí agus Ceannasaí Coalition Nationale du Peuple pour la Souverainité du Congo (CNPSC), comhghuaillíocht de mhílístí 'Mai-Mai', mar a thugtar orthu, sa chúige Kivu Theas in DRC. Is é a bhunaigh agus atá mar cheannaire ar cheann de na mílístí is mó den chomhghuaillíocht sin, Mai-Mai Yakutumba.<br><br>Cuireann Mai-Mai Yakutumba leis an gcoinbhleacht armtha, leis an éagobhsaíocht agus leis an éiginnteacht in DRC, go háirithe trí fhoréigean agus | 8.12.2022 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ceannaire an mhílíste Mai-Mai Yakutumba | trí sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ár a dhéanamh ar dhaonraí sráidbhailte, ionsaithe ar shibhialtaigh, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh.<br><br>Rialaíonn Mai-Mai Yakutumba mianaigh óir in Oirthear DRC, mar aon le baill CNPSC a rialaíonn na bealaí mianadóireachta. Baineann siad tairbhe as saothrú agus trádáil aindleathach óir. Úsáideann an Mai-Mai Yakutumba brabúis a fhaightear tríd an trádáil sin chun a ghníomhaíochtaí armtha a mhaoiniú.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in CNPSC agus i míleáiste Mai-Mai Yakutumba, tá baint ag William Yakutumba, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe nó ar mhí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad in DRC. Dá bhrí sin, tá freagracht air as a bheith ag baint leas as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht agus iad sin a choinneáil ar bun in DRC trí shaothrú agus thrádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | |
| 17. | Alain François Viviane GOETZ | Dáta Breithe: 24.4.1965<br><br>Áit bhreithe: Deurne, Antwerp, an Bheilg<br><br>Náisiúntacht: Beilgeach<br><br>Inscne: Fireann | Is Fear gnó é Alain Goetz arb é iar-úinéir tairbhiúil agus iarstiúrthóir African Gold Refinery Ltd, atá cláraithe in Uganda. Tá baint aige fós le African Gold Refinery Ltd mar chomhairleoir agus mar thionscnóir.<br><br>Ó 2016 i leith, tá ór aindleathach de thionscnamh mianaigh in DRC faighte, ceannaithe, scagtha agus trádáilte ag African Gold Refinery Ltd atá á rialú ag grúpaí armtha neamhrialtasacha, lena n-áirítear Mai-Mai Yakutumba agus Raia Mutomboki, a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí díchobhsúcháin sa chúige Kivu Theas.<br><br>Chomh maith leis sin, coinníonn Alain Goetz leasanna a bhaineann le hór sa | 8.12.2022 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | réigiún tríd an gcuideachta Aldabra, cuideachta a rialaíonn sé.<br><br>Ar na cúiseanna sin uile, tá Alain Geotz ag baint leas as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht in DRC trí shaothrú agus thrádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | |
| 18. | Bernard Maheshe BYAMUNGU | Ar a dtugtar freisin: Tiger One<br><br>Feidhm/rang: Briogáidire-Ghinearál in M23/ARC, Leas-Cheannasaí oibríochtaí<br><br>Dáta Breithe: 10.10.1974<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann | Tá ról ceannasach ag Bernard Byamungu i mbrainse míleata de Mouvement du 23 mars (M23)/Armée révolutionnaire congolaise (ARC) mar Bhriogáidire-Ghinearál agus mar Leas-Cheannasaí oibríochtaí an ghrúpa armtha neamhrialtasacha sin atá ag feidhmiú in Oirthear DRC.<br><br>Cothaíonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an eiginnteacht in DRC agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), maruithe, céasadh, éigniú agus saothar éigeantais, mar shampla sraith de mharuithe a bhí dírithe ar shibhialtaigh i mbaile Kisheshe an 29 Samhain 2022.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, tá baint ag Bernard Byamungu, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad in DRC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht a choinneáil ar bun in DRC. | 28.7.2023 |
| 19. | Michel RUKUNDA | Ar a dtugtar freisin: Makanika<br><br>Feidhm/rang: Ceannasaí agus ceannaire míleata an | Is iar-Choirnéal d’fhórsaí armtha an Chongó (FARDC) é Michel Rukunda agus is é atá ina Cheannasaí agus ceannaire míleata ar an ngrúpa armtha neamhrialtasacha Twirwaneho atá ag feidhmiú in Kivu Theas agus a mhaíonn | 28.7.2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ghrúpa armtha Twirwaneho in Kivu Theas<br><br>Dáta Breithe: 12.9.1974<br><br>Áit bhreithe: Minembwe, Kivu Theas, DRC<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann | go ndéanann sé ionadaíocht do Phobal Banyamulenge.<br><br>Cothaíonn Twirwaneho an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht in DRC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcaíocht dheonach nó éigeantach leanaí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcogaíocht, in ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), agus as maruithe, mar shampla ionsaithe ar shibhialtaigh i sráidbhaile Mikenge i mí na Samhna 2021 inar maraíodh seisear ar a laghad.<br><br>Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Michel Rukunda le hoiliúint mhíleata a chur ar na hearcaigh agus le húsáid leanaí, lena n-áirítear mar thionlacaithe armtha.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in Twirwaneho agus ar a bhaint dhíreach le traenáil agus úsáid leanaí, tá baint ag Ahmad Mahmood Hassan, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad in DRC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht a choinneáil ar bun in DRC. | |
| 20. | Charles SEMATAMA | Ar a dtugtar freisin: Sebanyana<br><br>Feidhm/rang: Ceannasaí, Leascheannaire míleata Twirwaneho<br><br>Dáta Breithe: 1975<br><br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Kalunyo, timpeall cheantair Kamombo, Kivu Theas, DRC | Is iar-oifigeach d'fhórsaí armtha an Chongó (FARDC) é Charles Sematama agus tá post ceannaireachta aige mar Cheannasaí agus Leascheannaire Míleata Twirwaneho, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Kivu Theas agus a mhaíonn go ndéanann sé ionadaíocht do Phobal Banyamulenge.<br><br>Cothaíonn Twirwaneho an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht in DRC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann | earcaíocht dheonach nó éigeantach leanaí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcogaíocht, in ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), agus as maruithe, mar shampla ionsaithe ar shibhialtaigh i sráidbhaile Mikenge i mí na Samhna 2021 inar maraíodh seisear ar a laghad.<br><br>Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Charles Sematama le seisiúin bholscaireachta chomh maith le hearcaíocht éigeantach agus úsáid leanaí, lena n-áirítear mar thionlacaithe armtha.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in Twirwaneho agus ar a bhaint dhíreach le hearcaíocht éigeantach agus úsáid leanaí, tá baint ag Charles Sematama, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad in DRC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 21. | Ahmad Mahmood HASSAN | ar a dtugtar freisin Ahmad Mahamood Hassan, Ahmad Mahmoud Hassan, Jundi, Abwakasi, Abuwakas, Murabu, Marabou, nó Mwarabu<br><br>Feidhm/rang: Ceannaire sinsearach ADF.<br><br>Dáta Breithe: Thart ar 1993<br><br>Náisiúntacht: Tansánach<br><br>Inscne: Fireann | Is ceannaire sinsearach é Ahmad Mahmood Hassan ar Fhórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe (ADF), grúpa armtha neamhrialtasach a bhíonn ag oibriú in Uganda agus in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Sainaithníodh é mar dhuine a bhfuil príomhfhreagrachtaí air in ADF, lena n-áirítear ceannas ar champa, earcaigh a oiliúint, buamaí a tháirgeadh, for-rochtain ar líne agus teagmháil le ISIL (Da'esh).<br><br>Coinníonn ADF an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (go háirithe i gcúigí Ituri agus Kivu Thuaidh) agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí shibhialtaigh a ionsaí, | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | a mharú agus a fhuadach, ar nós na n-ionsaithe a rinneadh i mí an Mhárta 2023 i ndeisceart agus in oirdheisceart chríoch Beni, inar maraíodh níos mó ná 80 sibhialtach agus inar fuadaíodh níos mó ná 20 sibhialtach eile.<br><br>Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Ahmad Mahmood Hassan le hionsaithe ADF a phleanáil agus a chur i gcrích, lena n-áirítear buamáil i mbaile beag Kasindi (críoch Beni) an 15 Eanáir 2023 agus ionsaí buama in Goma an 7 Aibreán 2022 inar maraíodh seisear agus inar gortaíodh seisear déag.<br><br>Mar gheall ar a ról sinsearach ceannasach in ADF agus ar a bhaint dhíreach le pleanáil agus cur i gcrích ionsaithe ADF, tá baint ag Ahmad Mahmood Hassan, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 22. | Janvier Karairi (‘Karahiri’) BUINGO | Feidhm/rang: Ginearál, ceann APCLS<br><br>Dáta Breithe: Thart ar 1962<br><br>Náisiúntacht: Glactar leis gur Congólach (DRC)<br><br>Inscne: Fireann | Tá ról ceannasach ag Janvier Karairi mar Ghinearál agus mar cheannasaí ar Alliance des patriotes pour un Congo libre et souverain (APCLS), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthuaisceart Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus atá páirteach in ‘Alliance des résistants de la patrie’ (ARP), comhghuaillíocht de ghrúpaí armtha atá i gcoinne Mouvement du 23 mars (M23)/Armée révolutionnaire congolaise (ARC).<br><br>Coinníonn APCLS an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | trína rannpháirtíocht in oibríochtaí chomhghuaillíocht na ngrúpaí armtha ARP, ar nós na n-oibríochtaí in Kitshanga agus Rubaya i mí Eanáir agus go déanach i mí Feabhra 2023, trí shibhialtaigh a mharú agus a ionsaí, go háirithe sibhialtaigh de phobal Tutsi an Chongó, agus trí sháruithe tromchúiseacha ar leanaí, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadach, mar shampla.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in APCLS, tá baint ag Janvier Karairi, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 23. | Justin Maki GESI | ar a dtugtar freisin Le petit loup de la montagne<br><br>Feidhm/rang: Ceannasaí CODECO/Alliance pour le Développement du Congo (CODECO/ALC).<br><br>Dáta Breithe: Ní fios<br><br>Náisiúntacht: Glactar leis gur Congólach (DRC)<br><br>Inscne: Fireann | Tá ról ceannasach ag Justin Maki Gesi mar Cheannasaí ar ALC/CODECO, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthuaisceart Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (go háirithe Ituri).<br><br>Coinníonn ALC/CODECO an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí leanaí a úsáid mar chomhraiceoirí, agus trí shibhialtaigh a fhuadach, a mharú agus a ionsaí, ar nós an ionsaithe ar shráidbhailte Nyamamba agus Mbogi an 13 Eanáir 2023 ina raibh níos mó ná 40 íospartach.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in CODECO/ALC, tá baint ag Justin Maki Gesi, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | |
| 24. | Apollinaire HAKIZIMANA | ar a dtugtar freisin le poète, Adonia<br><br>Feidhm/rang: Leifteanant-Ghinearál in FDLR/Coimisinéir Cosanta<br><br>Dáta Breithe: 1964<br><br>Náisiúntacht: Ruanda<br><br>Inscne: Fireann | Is ceannaire míleata ar 'Forces démocratiques de libération du Rwanda-Forces combattantes abacunguzi' (FDLR-FOCA) é Apollinaire Hakizimana, ina cháil mar Ghinearál agus Coimisinéir Cosanta sa ghrúpa armtha neamhrialtasach sin, grúpa atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.<br><br>Coinníonn FDLR-FOCA an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí chomhraiceoirí a earcú agus a oiliúint, trí shibhialtaigh a mharú, agus trí sháruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar leanaí, éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadach, mar shampla.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in FDLR-FOCA, tá baint ag Apollinaire Hakizimana, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sárú nó treascairt thromchúiseach ar chearta an duine iad i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 28.7.2023 |
| 25. | Simon (Salomon) TOKOLONGA | Feidhm/rang: Coirnéal, ceannasaí 3411ú reisimint FARDC<br><br>Dáta Breithe: 17.4.1972<br><br>Áit bhreithe: Kishandja (Kivu | Tá ról ceannasach ag an gCoirnéal Simon Tokolonga i bhFórsaí Armtha an Chongó (FARDC) mar cheannaire ar an 3411ú reisimint.<br><br>D'fhreastail an Coirnéal Tokolonga ar chruinniú in Pinga, an 8 agus an 9 Bealtaine 2022, inar tháinig grúpaí armtha áitiúla le chéile, Nduma défense | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Thuaidh)<br><br>Náisiúntacht: DRC<br><br>Inscne: Fireann | du Congo-Rénové (NDC-R) agus Alliance des patriotes pour un Congo libre et souverain (APCLS), mar shampla, agus inar bhunaigh siad comhghuaillíocht chun cur in aghaidh Mouvement du 23 mars (M23)/Armée révolutionnaire congolaise (ARC) (an chomhghuaillíocht 'Alliance des résistants de la patrie' – ARP). Léirigh láithreacht an Choirnéil Tokolonga ag an gcruinniú go bhfuil comhaltaí áirithe de chuid FARDC ag comhoibriú leis an gcomhghuaillíocht sin.<br><br>Ina theannta sin, sholáthair comhaltaí de 3411ú reisimint FARDC airm agus armlón do ghrúpaí armtha atá ag oibriú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear níos mó ná dosaen boscaí armlóin a sholáthar do throdaithe FDLR ('Forces démocratiques de libération du Rwanda') i mí Iúil 2022. Tuairiscíodh go ndearna an Coirnéal Tokolonga comhordú ar roinnt soláthairtí arm a soláthraíodh do ghrúpaí armtha atá ag oibriú in éadan M23/ARC.<br><br>Na grúpaí armtha neamhrialtasacha atá mar chuid de chomhghuaillíocht ARP, lena n-áirítear NDC-R, APCLS agus FDLR, coinníonn siad an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá siad freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí chomhraiceoirí a earcú agus a oiliúint, trí rannpháirtíocht in oibríochtaí in aghaidh M23/ARC, trí ionsaithe ar shibhialtaigh, trí mharuithe, agus trí sháruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar leanaí, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadach, mar shampla.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach i 3411ú reisimint FARDC agus a ról comhordaitheach i ndáil le soláthairtí arm, tá Simon Tokolonga freagrach, dá bhrí sin, as tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí armtha atá ag coinneáil na coinbhleachta armtha, na héagobhsaíochta agus na neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear trí airm agus | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | armlón a sholáthar dóibh. | |
| 26. | Jean Pierre NIRAGIRE | ar a dtugtar freisin Jean-Pierre, Gasasira<br><br>Feidhm/rang: Captaen. Ceannasaí ar an Aonad Fórsaí Speisialta de chuid Fhórsaí Cosanta Ruanda atá gníomhach in Kivu Thuaidh.<br><br>Náisiúntacht: Ruand<br><br>Inscne: Fireann | Tá ról ceannasach ag an gCaptaen Jean-Pierre Niragire mar cheannasaí ar fhórsaí speisialta Fhórsaí Cosanta Ruanda (RDF) arna n-imscaradh i réigiún Kivu Thuaidh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh.<br><br>Is é cuspóir ghníomhaíochtaí míleata RDF ar chríoch Phoblacht Dhaonlathach an Chongó treisiú a dhéanamh ar Mouvement du 23 mars / Armée révolutionnaire du Congo (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasacha atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí thrúpaí agus ábhair a sholáthar dó.<br><br>Coinníonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), trí mharuithe, trí chéastóireacht, trí éignithe agus trí shaothar éigeantais, ar nós na maruithe a bhí dírithe ar shibhialtaigh i mbaile Kisheshe an 29 Samhain 2022.<br><br>Mar cheannasaí ar fhórsaí speisialta RDF arna n-imscaradh i réigiún Kivu Thuaidh, tá Jean Pierre Niragire freagrach, dá bhrí sin, as tacaíocht a thabhairt don ghrúpa armtha M23/ARC, a choinníonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí thrúpaí agus ábhar a sholáthar dó. | 28.7.2023 |

**B. Eintitis**

,